Plandáil crann foscaiḋ i dTírċonaill

Cad ċuige naċ bfógraítear an scéim don Ġaeltaċt?

"Níl na daoine i gceantar Litir Ṁic a' Ḃáird nó Carraig Airt ag cur mórán suime i scéim na gcoilltí foscaiḋ" adúirt A. Gallinagh, Teagascóir Talṁaíoċta le Coiste Talṁaíoċta Dún na nGall.

Ní raiḃ mórán éiliṁ ariaṁ ó na ceantair sin, adúirt, do na crainn óga a ḃeir an Coiste ar leaṫ luaċ do feirmeoirí sa ċondae.

Aċ ar ndóiġe is ceantair Gaeltaċta iad sin, arḃ í an Ġaeilge gná-ṫeanga an ṗobal ionta agus níor ḟógraiġ an Coiste ariaṁ an scéim i nGaeilge i bPáipéar a léitear sna ceantair.

Ṫug an Coiste amaċ 87,904 crainn i 1964 méadú 4,400 ar an ḃliain roiṁe sin. Ḃí méadú leanstanaċ ar uiṁir na n-iarratóirí do na crainn le trí bliana agus ḃítear ag taḃairt aire níos fearr do na crainn indiaiḋ a gcur fosta.

B'éidir anois go ndéanfaḋ an Ċoiste freastal tré Ġaeilge ar an Ġaeltaċt.

Bás Gaeilgeora as Baile na Ċarraige

Tá coicigis ó ṡoin ṫáinig scéala amar as Tír Eoġain ċugainn go Béal Feirste go raḃ Pádraig Ó Cnáimsiġe marḃ.

Ba as Baile na Carraige ó ċeart é, baile beag i Rosa Uaċtaraċa Tír Ċonaill, láiṁ le Gao' Bearra eadar Leitir Ṁic a' Ḃáird a's an Duḃċoraiḋ; baile ar ċaiṫ sé tús a saoġal ann go raḃ air imṫeaċt i mbéal a' ċinn, anonn go Sasain le go mbéaḋ gléas air a ḃeaṫa ṫabairt i dtír, mar ba dual do na mílte roiṁe ó aimsear na gorta 'nall. Go Mancúin a ċuaiġ sé a' ċéad uair, tamall beag sular ḃris a' ċéad Ċogaḋ Mór amaċ. Ar a' ḃaile sin buail sé le hÉireannaiġ as aċan áird, daoiní a ḋálta féin. A ḃeaḋ fá n-a gcuid bailteaċ féin, murḃ' é "Eaċḃruim a's a' Ḃáinn gur feall . . ." agus le h-aṫḃeoḋaḋ spiorad na hÉireann ḃí sé a' teagasc Gaeilge i gCraoḃ den Ċonraḋ i Mancúin. Ṫáinig a' cogaḋ, tógaḋ Pádraig agus tugaḋ air liostáil i n-Arm na Sasana siocair é ḃeiṫ ag obair ag Ard Oifig a' Ṗosta ar ġnóiṫe Teleċumarsáide. Is iomḃa scéal a d'innis sé fá'n am a ċuaiġ plúr fear óg na hEorpa i ndeaḃaiḋ lainne le céill nó le diṫ-céille ar son "Saoire na Náiseán Beag."

"'Gioll' Udaiġ", a ndéaraḋ sé (ainm a ḃí aige ar aċ a'n duine, íseal ná uasal). "Ḃíoḋ fios agat go raḃ saoġal corraċ go leor ag cuid de na daoiní 'san am sin, ar ḃí Petty Officer Bonar" agus aċán gáire leis. "saḃáilte go leor. A' soiteaċ a raḃ mé féin uirṫi, ní leigfeaḋ an eagla don ċaiptín í taḃairt amaċ mórán eile ṫart na cúpla míle ó tír mór ar ṁéad a's ḃí de ṗuill uirṫi." Agus toiseóċaḋ sé go n-innseóċaḋ sé fá'n tseanḃád an oíċe a dteaċaiḋ sí 'sa tóir ar ḃád fó-ṫuinn é ċuid na Gearmáine a ṫánaig isteaċ a' Mersaí.

'Suas a's anuas linn, trí h-uaire agus ṫart a' ḃáiġ agus nuair a síl a' caiptín gur ḋeise dó í b'aṁlaiḋ a b'ḟuide uaiḋ í, agus í fá Heligoland, tá mé a' ḋéanaṁ sula raḃ muid féin ar féistiuġaḋ. Sin a ḃfaca mise den Ċogaḋ, altuġaḋ do Ḋia." Sin anois mar ḃí sé, an ċuid a ba ġreannṁaire i gcónaí aige.

I ndeireaḋ a ṡaoġail a casaḋ dúinn i mBéal Feirste é. Ḃí sé i n-aois a' tsean-ṗinseáin an t-am sin, a ṫeaġlaċ uiliġ pósta agus cuid ṁaiṫ acu scaḃta, aċ aosta a's mar ḃí sé ṡeasuiġ sé amaċ a ċuid bliaḋantaċ go maiṫ. Ní iarrfaḋ sé níos fearr ná ḃeiṫ 'ċois loċa a raḃ bric nó bradáin uirṫi go bfiaċaḋ sé leis a' tslaiṫ iad. Ḃí sé ar ḟoireann teagaisc Ċluain Árd go dtí tá gairid ó ṡoin nuair a ḃuail breoiḋteaċt é a ṫug air stad. Ḃí sé ag éileaṁ tamall fada i n-oṫarlann i mBéal Feirste agus nuair a ṫáinig sé amaċ ċuaiġ sé síos go Tír Eoġain ċuig n-a ṁac. Ḃí sé i n-a ċainnteoir ḃeaċt, ní raḃ focal ná ainm áite féin ceilte air agus é oilte go maiṫ ar a' tsean-Ġaeilg le n-a ċois.

Is ró-ṫrom againn ár gcaill nó is beag a ḃí cosaṁail leis. Ba éiarsma scoiṫ na nGaeḋeal é. Gnímid comḃrón le n-a ḃunaḋ ṫíos ġagus i bfos. A Ṁuire na nGaeḋeal, ḃí a' guiḋe ar a ṡon.

Gioll' Udaiġ.

Saoṫrú seasta ḋá ṡoláṫar

Tuarascáil dul-ċun-cinn ó Cuideaċtan Forbarṫa na Sionainne

Is nós againn anois, gaċ bliain tráċt ar tuarascáil bliantúil Cuideaċtan Forbarṫa na Sionainne nuair a ṫig sé amaċ. Ní hé go bfuil aon suim ar leiṫ ag pobal na Gaeltaċta insan eastáit tionsclaċ ansin, nó ins na h-imeaċtaí ag Aerṗort na Sionainne, aċ, mar adúramar ċeanna, toisc gur sompla an cuideaċta seo, don cineál oibre a ba ċeart do eagras slánaiṫe na Gaeltaċta, a ḃeiṫ á ḋéanaṁ.

In ár dtuairim-se, ba ċeart do cibé eagras, bórd nó cudieaċtan, nó eile, a ḃeaḋ i mbun slánú na Gaeltaċta, tasnú leis an bun-aḃar atá ann; sé sin áireaṁ a ḋéanaṁ ar an méid oibriṫeoirí atá insan Ġaeltaċt faoi láṫair, nó a d'ḟéadfaḋ ṫeaċt arais go tapaí, agus sin a ḃeiṫ mar gearr ċuspóir acu, iad sin a ċur in saoṫrú seasta, tré obair ṫairgiúil a ṡoláṫar díoḃa.

Sé an tráċt is fearr ar ċoṁ beag a ṁaiṫ is tá na h-iarraċtaí a rinneaḋ go dtí seo, ar slánú na Gaeltaċta, nó, naċ dearnaḋ an áiriṁ sin ar oibriṫeoirí go fóill.

Ḃí bliain eile íontaċ raṫúil ar fad ag cuideaċtan Aerṗort na Sionainne. Agus san am i láṫair, tá 652,600 troiġ cearnaċ de urlár monarcan acu, agus tá 2,930 daoine ag obair ann. Ċoṁ maiṫ leis sin, tá 439 tiṫe, nó "árasáin" críoċnaiṫe acu, agus daoine 'na gcónaí iontu.

Is maiṫ linn mar tá an tuarascáil leagṫa amaċ ag an Ċuideaċtain, ní hé a ṁaisiúla is atá sé, aċ an obair fiúntaċ atá léiriṫe ann.

De réir suirḃé a rinne Córas Tráċtála, h-onnṁuiríoḋ luaċ £14 milliún in 1964, agus tá sé soiléir anois go raċa siad i bfad níos fuide ná an aiḋm a leagaḋ síos díoḃa insan Dara Clár Eacnamiceaċ, sé sin onnṁuiriú de £20m. in 1970.

Dul 'un cinn

Deir siad féin: "De ṫairḃe oiḃreaċais agus táirgeaḋ tionsclaċ, b'í 1964-65 an ḃliain ab' fearr a ḃí ann ó cuireaḋ an Aerṗort ar bun. Ċuas níos fuide ná na h-aiḋmeanna a ḃí leagṫa síos san Dara Clár Eacnamiceaċ. D'árdaiġ an méid a ḃí ag obair ann ó 2,109 go dtí 2,927 ⁊ is fir 1,538 díoḃa sin, níos mó ná 53 p.c."

Mar sin féin, níl an ċuideaċtain sásta, mar deir siad gur ċeart go mbeaḋ 60 p.c. de ḟir ins na postaiṫe, agus tá an Cuideaċtain ag déanaṁ iarraċtaí níos tréine fós le Cuideaċtain a ḃeir obair do ḟeara, a ṫarraingt go dtí an Eastáit. Tá siad sásta go bfuil dóṫain oibre do ċailíní insan ċeantar, aċ ba ṁaiṫ leo i bfad níos mó tionscail ina mbeaḋ fir ag obair, a ṫarraingt go dtí an áit.

Sin é an rud is dearcaḋ ciallṁar ann. Arís, agus arís eile, tá sé ráite againn in AMÁRAĊ gur sin an rud atá ag teastáil insan Ġaeltaċt, agus naċ maiṫeas ar biṫ an áit a ċlúdú le mion-ṁonarcana do ċailíní, nuair is eol do gaċ duine go gcaiṫfiḋ na cailíní a ḃeiṫ sásta fanaċt gan pósaḋ, nó imeaċt ṫar sáile ċun fir do ḟáil. Tá an scéal ċoṁ simplí sin, aċ níl sé tuigṫe go fóill ag daoine áiṫrid.

Airgeadas

Aċ, ar ndóiġe, is cúrsaí airgid atá taoḃ ṫiar de ar fad. Níor cuireaḋ cúpla céad, nó cúpla míle, nó cúpla céad míle punt ar fáil do Cuideaċta Forbarṫa na Sionainne. B'é an t-airgead a ċuir an tAire Airgeadais, ar fáil, suas go dtí an 31ú Márta, 1965, ná £3,423,000. Ċoṁ maiṫ leis sin, ḃí iasaċtaí uaṫa, de £1,878000 agus níor h-aisíocaí go dáta, aċ £8,158.

Ein an saġas airgid go dtig le daoine a ḋul ag obair go h-éifeaċtúil leis. Is sompla é sin den saġas oibre atá teastáil san Ġaeltaċt, agus ní miste do ḋaoine tuiscionaċa, tuarascáil bliantúil Aerṗort na Sionainne, 1964-65 a ḟáil agus a léaṁ go cúramaċ i dteannta leis an tuarascáil ar ionad na forbarṫa agus eastáit tionsclaċ, a foilsíoḋ seaċtain ó ṡin.

Is insan dá ċeann sin atá sé soiléir cad é an dóiġ a bféadfaí saoṫrú seasta, tré obair ṫairgiúil, a ċur ar fáil sa Ġaeltaċt.

Bua le Cloċán Liaṫ

Taréis cluiċe crua, coṫrom clósailte go maiṫ, d'éiriġ leis an Cloċán Liaṫ ins na bomaite deireanaċ, an buaiġ fáil ar Ġleann Ċolmcille. An scór: An Cloċán Liaṫ 0-11; Gleann Colmcille 1-7.

Ag leaṫ ama ḃí Gleann Colmcille dá pointe 'un tosaiġ agus lean siad ag imirt peil maiṫ, ⁊ ag brú go crua ar feaḋ cuid ṁaiṫ den ċluiċe. Ḃí gaċ ċosúlaċt air go mbuaiġeaḋ siad ar foireann na Rosann, a ḃí ag imirt spadánta go maiṫ. Ní raiḃ líne tosaí an Ċloċáin Léiṫ ag déanaṁ go ró ṁaiṫ. Ḃí an cluiċe ar siúl san tráṫnóna, agus ḃí moill air ar feaḋ tamaill mar naċ raiḃ maor ar biṫ ann.

Ian Ó Searcaiġ, as Rann na Feirste, a ġlac an ḟeadóg sa deireaḋ, agus rinne sé an gnó go maiṫ.

Ar na daoine ab' ḟearr don Cloċán Liaṫ ḃí: C. Mac Grianna, N. Ó Doṁnaill, O. Ó Baoill, S. Ó Cnáimsí, P. Forcair, S. Ó Duarcín, F. Mac Suiḃne agus A. Ó Cnáimsí.

Corn Ṁic Ċarṫaiġ ag Tiobraid Árann don 21ú uair

Tiobraid Árann	2-16.
Loċ Garmán	0-10.

Os coṁair 61,000 duine, ḃain Tiobráid Árann Craoḃ Iománaíoċt na hÉireann don 21ú uair agus an 8ú uair do Ṡeán Ó Duḃġaill agus anois tá sé ar coṁ staid le Críostóir Ó Ring as Corcaiġ. Do ḃronn an Cardinéal Ó Conraiṫ an Corn ar Ṡéamas Ó Duḃġaill, captaen foireann Tiobrad Árainn. Ḃí an tUaċtarán de Ḃalera ansin fosta.

Cluiċe cruaiḋ a ḃí ann suas go dtí an 13ú bomaite, ansin fuair Seán Ó Loċlainn cúl do Ṫiobrad Árann agus ceann eile arís san 14ú bomaite. Aċ ṫáinig Loċ Garman arais agus ní raiḃ aċ cúig cúilín idir an dá foireann ag deireaḋ an ċéad leaṫ, cé go raiḃ líṁ an uaċtair ag Loċ Garmán i lár na páirce, in áit inar imir Pilib Ó Uilson cluiċe an ṁaiṫ ar fad agus Séamas Ó Briain ag cuidiú leis. Aċ cé go raiḃ láṁ an uaċtair acu i lár na páirce ní raiḃ fir tosaiġ Loċ Garman ábálta mórán a ḋéanaṁ in éadan cúil mar Seán Ó Duġaill, Míċeál Ó Meaċair agus Ciarán Ó Caraiġ. Ċaill na fir tosaiġ a ḃí ag Loċ Garman seans ina ḋiaiḋ seans agus b'ḟurast d'ḟeiceáil ansin naċ mbainfiḋ siad an cluiċe mar sin agus taréis an ċéad deiċ mbomaite den dara leaṫ ḃí an cluiċe ag dul bealaċ Tiobrad Árann agus ansin ḃí na daoine ag cailliúint suim ins an cluiċe.

D'imir an lán tosaċ Mac Cionnaiṫ go h-an ṁaiṫ agus b'éigin do Loċ Garmán an lánċúil, Ó Coiglig a aṫrú agus Tomás Ó Neiḃill a ċur isteaċ ina áit. Ní raiḃ Séamas Ó Duḃġaill ro-ṁaiṫ mar mór. Ṫug Liam Muirín mórán fairsinge do, aċ taoḃ amuiġ de sin fuair sé ċúilíní ar fad. Aċ sé Seán Ó Loċlainn a rinne an doċar as mo do Loċ Garmán leis na cúil a fuair sé. D'imir Anton Ó Falla go maiṫ ins na cúil do Ṫiobrad Árann. Uair ina ḋiaiḋ uair nuair a ḃí na lánċúil i dtrioblóid ṫáinig sé arais ċun ċuidiú leo agus fuair sé cuidiú ó Miċeál Ó Duirc.

Do Loċ Garmán d'imir Tomás Ó Neiḃill go maiṫ agus Doṁnall Ó Coigliġ nuair a ċuaiġ sé amaċ ins na leaṫ-ċúil, maraon le Liam Ó Murċú agus Pilib Ó Uilson i lár na páirce. Ins na tosaiġ ḃí Reamonn Ó Sionann agus Máirtín Ó Codd go maiṫ agus fuair siad cuidiú maiṫ ó Máirtín Ó Biorán. Aċ ní ċeart brón ar biṫ a ḃeiṫ ar ḟoireann Loċa Garmain —tá foireann óg ann agus cuideóiḋ an taiṫí go mór leo. Tá naonúir den foireann faoi ḃliain is fiċe d'aois agus tá súil agam go mbéaḋ siad arais arís an ḃliain seo ċugainn.

I gCraoḃ na Mionúr ḃí an ḃuaiġ ag Baile Áṫa Cliaṫ, agus sé an scór a ḃí ann na 4-10 go dtí 2-7. Ḃí foireann Luimniġ coṁ maiṫ le foireann Ḃaile Áṫa Cliaṫ aċ níor imir siad coṁ maiṫ le Baile Áṫa Cliaṫ. Is féidir an loċt a ċur ar ḟir tosaiġ Luimniġ. Trioċa cúla ḃí air ag teaċt isteaċ go dtí an craoḃ aċ níor éiriġ leo aċ dá ċúil d'ḟáil in éadan Áṫ Cliaṫ.

Gaoṫ Doḃair

Cúis díomá insan pharáiste gur theip ar na peileadóirí óga ó Ghaoth Dóbhair, nuair a bhuail Ard an Ratha iad, ag Bealach Féich Dé Domhnaigh le 1-9 in éadan 0-7.

Bhí foireann Ard an Ratha, níos láidre, ach mar sin fhéin, dá dtugadh gasraí Ghaoth Dóbhair níos mó aire don pheil, bheadh toradh níos fearr le feiceáil acu.

Siad foireann Ghaoth Dóbhair ná: P. Mac Fhionnlaoich; M. Ó Gallchobhair; T. Ó Cearnaigh, S. Mac Aodha, S. Mac Aodha, S. Ó hIcí, E. Mac Pháidin, P. Ó Baoill, S. Mac Pháidin, S. Ó Scannláin, S. Ó Colla, P. Ó Breisleáin, T. Mac Fhionnlaoich agus S. Ó Domhnaill.

Ach, tá dóchas láidir agus muinín ag bunadh Ghaoth Dóbhair go bhfáigh na sinsir buaigh na condae i mbliana. Arsa fear traenála Ghaoth Dóbhair, Eoin Ó Baoill:—"Nuair a bhéas tamall traenála déanta ag an fhoireann seo as Gaoth Dóbhair, beidh slí mhaith againn leis an bhuaigh a thabhairt linn i mbliana."

Deir Eoin, gur cheart níos mó fuinnimh a chur insan comórtas den chraobh-chlúiche, agus gur cheart an comórtas a bheith ar siúl níos luaithe. Má fhágtar mall é, beidh cuid imirtheoirí Ghaoth Dóbhair ar shiúl go hAlbain.

Cúis bróin sa cheantar, bás Máire Bean Uí Cholla, in aois a 88 bliana. Ní raibh an iníon atá pósta in Albain ábalta teacht abhaile ag an tórramh toisc go bhfuair a fear-céile fhéin bás ag an am chéanna. Níthear comhbhrón lena teallach agus a muintir.

Cómhgháirdeachas le Antoine Ó Cearbhaill, agus Niall Ó Gallchóbhair, a bhí piocaithe ar fhoireann Dhún na nGall le h-imirt in éadan Tíreoin, ag Fintona, Dé Domhnaigh seo caite. D'imir an bheirt acu go maith.

Cé go bhfuil cuid mhaith de na cuairteoirí ar shiúl as Gaoth Dóbhair, mar sin fhéin, tá roinnt mhaith fágtha go fóill, ag baint sult agus aoibhneas as na laetha saoire i Meán-Fómhair.

Cé go bhfuil leathnú mór déanta ar na tithe Ósta i nGaoth Dóbhair, tá seans fá choinnibh i bhfad níos mó a dhéanamh go fóill.

Tá i bhfad níos mó daoine ag caint faoi scéimna sealaetha anois, ná mar bhí, agus d'fheadfaí freastal ar cuid mhaith eile cuairteoirí leis an scéim seo.

De bhárr cainteanna a bhí ag S. Mac Ruaidhrí, Co.C., tá an Comhairle Condae ag smaoineamh anois ar scéim uisce a leathnú go Dúnshluaithe, agus beifear ag cur cártaí canbhas thart ar an cheantar sin, gan mórán moille.

An Lionán

Ḃí slua mór i láṫair ag cleasa lúṫ agus comórtais peile Muintir na Tíre ar an Líonán Dé Doṁnaiġ seo caite. Ḃí an aimsir go breá, agus baineaḋ sult as an lá. Ḃí oċt foirne istiġ ar an ċomórtas: Líonán A, Líonán B, Oileán Ċliara, Ceaṫrú Rua, Tuar Ṁic Eide, Eaċa Gaḃar, Cloċ na Rón A, agus Cloċ na Rón B. Ḃí an ḃuaiġ le muintir Oileán Ċliara, agus ḃronn an tAṫair de Ḃálorait́e an corn agus sraiṫ bonn orṫa. B'é Pilib Ó Caḃain a rinne an gnó ab' fearr ar feaḋ an lae. Ḃain sé an rása 100 slat oscailte, agus an rása 250 slat oscailte, agus ċoṁ maiṫ leis sin, d'imir sé do foireann an Líonáin. Ḃí coiṁlint íontaċ géar ins na comórtaisí sóisearaċ ċoṁ maiṫ.

Dá Ḃuilleoġán Taitneaṁaċ

Is taitneaṁaċ an dá bulletin a ċonnaiceamar de ṫaisme, atá foilsiṫe ag an Roinn Tailte, fó-Roinn Iascaiġ, ar luaċ 2s. 6d an ceann. Bulletin No. 1 is tiodal i mBéarla don dá ċeann. Ceann aṁáin acu ar Inland Fisheries, ⁊ ceann eile ar Sea Fisheries.

Tá eolas táḃaċtaċ i gceart san dá ċeann. Tá siad leagṫa amaċ go taiṫneaṁaċ, agus molaimíd an fó-Roinn Iascaiġ as iad a ċur ar fáil. Ní deirtear goidé ċoṁ minic agus atá siad le teaċt amaċ nó eile, aċ is maiṫ is fiú an iarraċt, agus b'ḟiú leanúint díoḃa ó am go h-am. Beimíd ag tagairt díoḃa arís.